An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

# Treoir d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) le haghaidh Daoine Féinfhostaithe

Lúnasa 2024

## Cad is ceart duit a bheith ag súil leis nuair a dhéanfá teagmháil linn

I bhformhór na gcásanna, ní mór do dhaoine féinfhostaithe idir 16 agus 66 bliana d'aois, agus iad siúd a rugadh ar nó tar éis 1 Eanáir 1958 idir 66 agus 70 bliain d'aois, nár dámhadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) orthu, le hioncam de €5,000 nó níos mó in aghaidh na bliana ranníocaíochtaí Árachas Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) Aicme S a íoc. Is treoir í an bhileog seo chun cabhrú leat staid ÁSPC daoine féinfhostaithe a thuiscint.

Go ginearálta, íoctar ÁSPC le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, mar aon le cáin, faoi fhéinmheasúnú ag baint úsáide as an gcóras pá agus comhaid. Is féidir ÁSPC a íoc freisin tríd an gcóras Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT) má tá tú i do stiúrthóir ar chuideachta theoranta.

## Céard iad na sochair is féidir liom a fháil trí ÁSPC Aicme S a íoc?

**Soláthraíonn ÁSPC Aicme S clúdach do:**

- Sochar Uchtála
- Íocaíocht Sochair do Dhaoine 65 Bliain d'Aois;
- Íocaíocht Caomhnóra Ranníocach,
- Pinsean Easláine;
- Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine Féinfhostaithe;
- Sochar Máithreachais;
- Sochar do Thuismitheoirí,
- Sochar Cumais Pháirtigh;
- Sochar Atharthachta
- Pinsean Stáit Ranníocach;
- Sochar Cóireála: Fiaclóireacht, Optúil agus Cluaise; **agus**
- Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Ní sholáthraíonn ÁSPC Aicme S clúdach d'aon scéimeanna nó sochair eile.

# Cé a íocann ÁSPC Aicme S?

**Íocann daoine féinfhostaithe ÁSPC Aicme S amhail:**

- Feirmeoirí, dochtúirí, fiaclóirí, aturnaetha, údair, ealaíontóirí, lucht creidimh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus daoine gairmiúla eile agus daoine atá i mbun gnó ar a gcuntas féin nó i gcomhpháirtíochtaí,
- Daoine nach bhfuil ach ioncam acu ó infheistíochtaí, ó chíosanna nó ó íocaíochtaí cothabhála
- Íocann fostaithe atá féinfhostaithe freisin ÁSPC Aicme S i dteannta lena ranníocaíocht ÁSPC mar fhostaí,
- Comhairleoirí, le díolaíochtaí ináirithe óna bpoist údaráis áitiúil.

# Chun tuilleadh eolais a fháil

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) do dhaoine féinfhostaithe, déan teagmháil le d'Ionad Intreo nó d'Oifig Brainse áitiúil le do thoil. Is féidir leat an t-ainm agus an seoladh a fháil trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreocentres**

Is féidir leat dul i dteagmháil freisin le haon Ionad Faisnéise do Shaoránaigh nó:

**Seirbhísí Cáilitheachta Cliant**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
An Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Chorcaí
Port Láirge
X91 EH04

Guthán: **0818 690 690** nó **(01) 471 5898**
Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh d'Éirinn glaoigh ar **+353 1 471 5898** le do thoil

Ríomhphost: **selfemployment@welfare.ie**

Baineann ÁSPC Aicme S le daoine aonair ar leo nó a rialaíonn 50% nó níos mó de na scaireanna sa chuideachta ina n-oibríonn siad. Cinntear aicmiú daoine aonair ar leo nó a rialaíonn níos lú ná 50% de scairshealbhú na cuideachta ar bhonn cás ar chás, ag cur an Chóid Chleachtais chun Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh san áireamh.

# Cé nach n-íocann ÁSPC Aicme S?

**Ní íocann na daoine seo a leanas ÁSPC ag Aicme S:**

- Gaolta forordaithe amhail mac, iníon, tuismitheoir, deartháir nó deirfiúr, a chuidíonn le duine féinfhostaithe lena ngnó ach nach bhfuil ina chomhpháirtithe sa ghnó,
- Daoine a dtagann a n-ioncam iomlán ó fhéinfhostaíocht, tuillte agus neamhthuillte, agus fostaíocht faoi bhun méid áirithe, €5,000 in aghaidh na bliana faoi láthair,
- Daoine atá rangaithe ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim mar neamhchónaitheoirí a shealbhaíonn ioncam neamhthuillte amháin,
- Daoine atá rangaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim mar stiúrthóirí neamhchónaitheacha ar Chuideachtaí Éireannacha,
- Daoine atá árachaithe mar fhostaithe nach bhfuil aon ioncam eile acu seachas ioncam neamhthuillte amhail íocaíochtaí díbhinne scaireanna nó cíos. D'fhéadfaidís a bheith faoi dhliteanas i leith ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam seo,
- Daoine atá faoi aois inphinsin agus a fhaigheann pinsean a d'eascair as fostaíocht a bhí acu nó ag a gcéile nó ag a bpáirtnéir sibhialta roimhe seo, agus nach bhfuil aon ioncam eile acu seachas iomcam neamhthuillte. D'fhéadfaidís a bheith faoi dhliteanas i leith ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam seo,
- Fostaithe sa tseirbhís phoiblí a íocann ÁSPC ag Aicme B, C nó atá féinfhostaithe freisin. Tá na ranníocóirí sin a bhfuil ioncam féinfhostaithe acu ó cheird nó ó ghairm faoi dhliteanas ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam seo. Má tá ioncam neamhthuillte acu freisin, tá siad faoi dhliteanas ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam sin freisin; **agus**
- Tá sealbhóirí oifige poiblí áirithe faoi dhliteanas ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam seo i leith a n-ioncaim ó oifig phoiblí.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar shíneadh an dliteanais ÁSPC go hioncam neamhthuillte agus ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme K, tabhair cuairt ar**www.gov.ie/prsik**

# An íocaim ÁSPC ar m'ioncam ar fad?

Íocann tú ÁSPC ar d'ioncam iomlán, lena n-áirítear:

- Sochar comhchineáil;
- Ioncam ó cheird nó ó ghairm;
- Ús, blianachtaí agus ioncam ó infheistíochtaí eachtracha, amhail réadmhaoin;
- Cíos ó aon réadmhaoin in Éirinn;
- Ioncam ónar asbhaineadh cáin cheana, amhail blianachtaí, ús bainc nó cumann foirgníochta, íocaíochtaí cothabhála;
- Ioncam ó scairdhíbhinní agus díbhinní ó Chistí Scoir Faofa (ARF); **agus**
- Ioncam inchánach áirithe ó fhostaíocht, mar shampla, stiúrthóirí cuideachta, teachtairí gluaisrothair.

D'fhéadfadh go mbeadh ort ÁSPC a íoc ar ioncam **tuillte** agus **neamhthuillte** araon.

# Cad atá fágtha amach ón ioncam iomlán?

Ní áirítear iad seo a leanas nuair a bhíonn ioncam le haghaidh do ranníocaíochta ÁSPC Aicme S á ríomh agat:

- Liúntais chaipitil;
- Íocaíochtaí nó sochair leasa shóisialaigh;
- Íocaíocht as freastal ar chúrsa oiliúna arna riar ag SOLAS, a ngearrtar cáin air faoi ÍMAT;
- Liúntas Soghluaisteachta íoctha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), a ngearrtar cáin air faoi ÍMAT;
- Íocaíochtaí pinsin, a ngearrtar cáin orthu faoi ÍMAT;
- Íocaíochtaí leanúnachais ioncaim a fhaigheann duine ar cuireadh iallach orthu fostaíocht a fhágáil mar gheall ar bhreoiteacht, a ngearrtar cáin orthu faoi ÍMAT;
- Íocaíochtaí iomarcaíochta agus íocaíochtaí a fhaightear mar thoradh ar fhoirceannadh oifige nó fostaíochta a ngearrtar cáin orthu faoi ÍMAT;
- Cistí a fhaightear trí chistí a aistarraingt go luath ó Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise áirithe (AVC), a ngearrtar cáin orthu faoi ÍMAT;
- Cnapshuimeanna scoir áirithe de bhreis ar an uasteorainn saor ó cháin ar feadh an tsaoil de €200,000
- Méideanna áirithe pinsin phríobháideacha arna dtiontú ina airgead roimh théarma ag daoine aonair san earnáil phoiblí a bhí féinfhostaithe roimhe seo
- Íocaíocht i leith, nó gnóthachan a eascraíonn as, diúscairt polasaithe árachais saoil áirithe;

Ar lean ar an gcéad leathanach eile.

- Íocaíocht a fuarthas i leith, nó gnóthachan a eascraíonn as, diúscairt ábhair áirithe ús i gciste eischósta **agus**
- Barrachais inmhuirir áirithe ar Ócáid Criostalú Sochair (BCE) ar pinsean, nó cnapshuim scoir faighte faoi shocrú pinsin é.

# Cé mhéid ÁSPC a íocaim?

Is ionann do ranníocaíocht agus 4% de d'ioncam go dtí 30 Meán Fómhair 2024 (4.1% ó 1 Deireadh Fómhair 2024) nó €500 go dtí 30 Meán Fómhair 2024 (€650 ó 1 Deireadh Fómhair 2024), cibé acu is mó. Faoin gcóras féinmheasúnaithe, íoctar ÁSPC go díreach le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim ag baint úsáide as a gcóras pá agus comhaid mar aon le haon suimeanna eile atá dlite duit.

Dóibh siúd a bhfuil ÁSPC á sheoladh ar ais acu trí chóras féinmheasúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim, beidh feidhm ag ráta cumaisc nó comhréireach de 4.025% nó íocaíocht íosta de €537.50 ar ioncam bliantúil féinfhostaithe 2024 mar gheall ar an athrú ar an ráta i rith na bliana (ó 1 Deireadh Fómhair 2024).

Más stiúrthóir cuideachta féinfhostaithe thú, asbhaineann d'fhostóir ÁSPC faoin gcóras ÍMAT.

Má dúirt Cigire Cánach leat nach gá duit Tuairisceán Cánach a dhéanamh do bhliain ar leith, ach má tá d'ioncam €5,000 nó níos mó in aghaidh na bliana, d'fhéadfá a bheith faoi dhliteanas ranníocaíocht árachais shóisialaigh a íoc ar ráta comhréidh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Más scair-iascaire thú atá aicmithe mar dhuine féinfhostaithe, féadfaidh tú a roghnú ranníocaíocht bhreise a íoc le haghaidh sochair áirithe faoi ÁSPC Aicme P. Íocfaidh tú ranníocaíocht 4% den ioncam sa bhreis ar an ÁSPC atá á íoc cheana féin faoi Aicme S tar éis duit an liúntas saor ó ÁSPC de €2,500 a chur i bhfeidhm.

Soláthraíonn na ranníocaíochtaí breise seo a íoctar faoi Aicme P clúdach do:

- Shochar Cuardaitheora Poist Teoranta ar feadh suas le 13 seachtaine i ngach bliain féilire, agus
- Shochar Teoranta Breoiteachta.

## Cad a tharlóidh mura bhfuilim féinfhostaithe a thuilleadh?

Mura bhfuil tú faoi dhliteanas ÁSPC Aicme S a íoc a thuilleadh mar shampla má scoireann tú de bheith féinfhostaithe nó má thiteann d'ioncam bliantúil faoi bhun na teorann €5,000, agus má tá tú faoi aois inphinsin, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chun a bheith i do ranníocóir deonach, chun leanúnachas do thaifid ÁSPC a choinneáil **chun críocha pinsin amháin.**

Tugann ranníocaíochtaí deonacha clúdach do na pinsin a raibh tú clúdaithe dóibh an uair dheireanach a raibh tú ag obair agus ÁSPC éigeantach á íoc agat.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Ranníocaíochtaí Deonacha, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/volcon** nó téigh i dteagmháil le **Seirbhísí Incháilitheachta Cliant**, sonraí teagmhála ar leathanach a haon.

## Conas a chláraím mar dhuine féinfhostaithe?

Má éiríonn tú féinfhostaithe ní mór duit clárú le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Mar sin féin, más ó stiúrthóireacht chuideachta an t-aon fhoinse ioncaim féinfhostaithe atá agat, ní gá duit clárú mar dhuine féinfhostaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim toisc go mbaileofar do cháin agus ÁSPC faoin gcóras ÍMAT.

## Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hinárachas fostaíochta, tabhair cuairt le do thoil ar **www.gov.ie/insurability** nó déan teagmháil leis an Rannóg Scóipe:

**An Rannóg Scóipe**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Urlár 5
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
DO1 WY03

Guthán: (01) 673 2585

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh d'Éirinn glaoigh ar +353 1 673 2585 le do thoil

Ríomhphost: **scope@welfare.ie**

Le haghaidh tuilleadh eolais:

- Tabhair cuairt ar **www.gov.ie/dsp**; nó
- Déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Brainse nó aon Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.

Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Bhrainse áitiúil a fháil ach cuairt a thabhairt **www.gov.ie/intreocentres**.

Déanta ag

Aonad Seirbhíse do Chustaiméirí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1
D01 WY03

**Is mar threoir amháin atá an bhileog seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar inti.**

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
Department of Social Protection

00K 08-24 SW74

Lúnasa 2024